

# An Dochtúir Áthas

LIAM MAC CÓIL

An Chéad Eagrán 1994  
An Dara hEagrán 2004  
© Liam Mac Cóil 1994, 2004

ISBN 0 898332 18 5

*Ní thagraíonn aon phearsa ficseanach sa scéal seo  
d'aon duine sa saol réadúil.*



Bord na Leabhar Gaeilge

*Tugann Bord na Leabhar Gaeilge  
tacaíocht airgid do Leabhar Breac*

Arna phriontáil ag Clódóirí Lurgan Tta,  
Indreabhán, Co. na Gaillimhe

## Brollach

Ba é mo dhochtúir féin a chuir chuige mé.

—Tá galar ort, a deir sé an lá seo, nach bhfuil aon ainm air. Ná níl aon airí ag gabháil leis. Ach tá sé ort.

Bhí sé ag scríobh ar pháipéir.

—Tá an Dochtúir Áthas an-scliúil ina leithéid, ar seisean. Tá mé chun tú a chur chuige. Is síocanailíseoir é — tá súil agam nach gcuireann sin as duit. Is féidir é a fheiceáil ina sheomraí ar Phlás Mhic Liam gach Máirt, Céadaoin. Agus Déardaoin. Déan coinne leis agus tabhair an nóta seo dó.

Ba mar sin a thosaigh an scéal seo; más scéal é.

# 1

## An Chéad Seisiún

*Lucus a non lucendo*

—Ní haon nuacht agamsa do leithéidí, arsa an Dr Áthas liom chomh luath is a bhí an nóta léite aige.

Shlíoc sé a fhéasóg shleamhain a bhí ar aon dath dubh lena ghruaig agus d'fhéach go cineálta orm ón taobh eile den deasc leathan. Ní naimhdeas a bhí san fhéachaint, ach bá agus tuiscint, shíl mé. Ach nuair a rinne sé gáire b'fhacthas dom go bhfaca mé san fholús sin ba bhéal dó saghas éigin mian dhorcha eolaíochtúil: sástacht, b'fhéidir, go raibh sampla eile inscrúdaithe casta ina líon.

Ní dúirt sé focal ach é ag breathnú orm is ag gáire liom ón gcúngrach ina raibh sé mar ba dhuine beag téagartha meánaosta é agus bhí a dheasc teanntaithe i gcúinne a raibh seilfeanna leabhar go síleáil timpeall air, agus fuinneog ard ingearach ar bhalla amháin de, agus ar an mballa eile, tinteán a raibh matal de mharmaid bán riabhach os a chionn.

Dhearg mo ghrua san áit a raibh mé i mo shuí—ar chathaoir dhíreach os a chomhair—mar ní raibh aon taithí agam ar aon rud den chineál seo; agus bhí teas na tine ghuail do mo ghoradh.

—Cás clasaiceach thú, ar seisean agus é mar a bheadh sé ag déanamh trua liom. Gura fada buan tú féin is do leithéidí nó murach sibh, bheinnse, céard déarfais mé, díomhaoin. Éirigh anois, bain díot do sheaicéad, agus luigh siar ar an tolg sin thall go mbeimid ag caint.

Ó labhair sé chomh séimh, ó d'fhéach sé orm chomh

cineálta, ó chuir sé in iúl chomh síodúil sin gur thuig sé cad a bhí cearr liom, rinne mé mar a dúradh liom gan cheist. Níor chuir mé ina choinne ar bhealach ar bith nó níor shíl mé go mbeadh sé sin cuibhiúil ag an bpointe sin, ach chroch mo sheaicéad ar chúl na cathaoireach agus shiúil trasna go dtí an taobh eile den seomra.

Is ea, ach ag an bpointe sin, seans, is mé ag ardú mo chosa ar an tolg caol cruca a raibh seanruga dorcha Bhéal Easa caite tharais, bhuail faitíos mé go mb'fhéidir go mbeadh orm rudaí a rá nár theastaigh uaim a rá. Nuair a bhí mo cheann luite siar ar an gcúisín teann compordach agam, mar sin, shocraigh mé go gcaithfinn acmhainní uile an réasúin a úsáid. Phrioc beach an amhrais ansin mé, áfach. Éiginnteacht éigin a bhuail mé go mb'fhéidir nach raibh sa rud ar fad ach cur i gcéill. Níor bhac mé leis, ach chuir díom í mar a bheadh le flíp de chúl mo láimhe, mar bhí sé an-suaimhneach ansin. Faoi mar a bheifeá i do luí ar fhleasc do dhroma san fhéar fhada chumhra agus na néalta bocóideacha bána ag mallghluaiseacht go stáidiúil thar an tsíleáil in airde; ach nach in airde a bhí siad, dáiríre, ach thíos fút; agus nach gorm a bhí an spéir, dáiríre, ach dúghorm dorcha dubh.

—Níl a fhios agam cén fáth a bhfuil mé anseo, arsa mise ó tholg sin an amhrais, tar éis tamaillín. Níl mé tinn.

—An ndeir tú liom é, arsa an Dr Áthas, agus dar liom—ní raibh aon radharc agam air—leag sé a dhá uillinn ar an deasc is chuir a lámha fáiscthe faoina smig sular labhair sé arís.

—An séanadh, ar seisean go sollúnta. Ní bhítear riamh ag súil le hadmháil sa chéad seisiún. An séanadh sin agatsa, nach bhfuil tú tinn, níl ann ach go léiríonn sé cé chomh mór is atá an galar brúite faoi chois agat. Feictear dúinn go minic gurb é an séanadh céadchomhartha an ghalair. Osclaíonn sé an doras ar an tinneas, mar a déarfá. Póirse na prognóise a thugtaí air. Eolaire ar bhóthar ríoga an neamh-chomhfheasa.

Riadaire agus réadaire an róid, mar a déarfá. Ursain, cleith, agus lia binne an tí sin arbh é síce cheilte fhoscreamhach an duine é.

—Ní dóigh liomsa go bhfuil mé tinn, arsa mise arís leis an síleáil ard sochaideartha.

Labhair an Dr Áthas go séimh.

—Éist, ar seisean de ghlór bog fáilí. Féachfaidh mé leis an scéal a mhíniú duit chomh simplí agus is féidir liom. Cuireann tú rud faoi chois—focal, smaoineamh, coincheap, mothú, mian—cuireann tú é faoi chois i bhfíoríochtair d'intinne, gan fhios duit féin. Uafás éigin, abair, nach dteastaíonn uait, gan fhios duit féin, aghaidh a thabhairt air, ná aon bhaint ná páirt a bheith agat leis. Sin go simplí an rud atá i gceist. Sin iad máithreacha an tinnis. Anois an dtuigeann tú? Níl uaimse ach cabhrú leat aghaidh a thabhairt ar an ngalar sin a deir tú nach bhfuil ort.

Mheas mé go raibh lúb ar lár áit éigin sa mhéid sin—díth loighice nó réasúnaíochta—ach thuig mé, freisin—bhí sé chomh séimh chomh tuisceanach sin—gurbh fhánach uaim dul chun argóna leis mar gheall ar an scéal. Dá thréine a chuirfinn ina choinne, dar liom, is ea is mó a chasadh sé liom é go raibh mé ag iarraidh an galar a bhrú faoi chois. Dá mhéad a bheinn ag brú rudaí faoi chois, is ea is mó, dar leis, a bheinn ag léiriú go raibh mé tinn. D’fhan mé cúpla soicind ag machnamh ar ilchastacht an ábhair seo. Labhair mé, ansin, go staidéartha.

—É seo, a deirimse go trialach.

—Ha, arsa an dochtúir amhail is go raibh sé ag súil le scéal mór éigin a theacht uaim agus go raibh sé á shocrú féin dá réir. Na peacaí ar fad a rinne mé i rith mo shaoil a scilleagadh thar cholbha an toilg chuige anuas. Faoistin choitinn neamh-chomhfhiosach aniar ón aois leanbaí.

—Dá ndéarfainn go raibh mé tinn, arsa mise go faoisteach, an gciallódh sin go raibh mé leigheasta?

—Ní chiallódh, an freagra pras a tháinig aníos chugam ón deasc. Is éard a chaithfidh tú a thuiscint gurb ionann galar amháin a admháil go hoscailte agus galar eile a cheilt. Síleann tú rud amháin, b'fhéidir, ach is comhartha doshéanta é sin gur rud eile ar fad atá ort, dáiríre. Ní mar a shíltear bítear, mar a dúirt Freud.

Dar liom, má bhí mé le teacht slán as an abar seo, go gcaithfinn greim a choinneáil ar an gcnámh sin. Dúirt mé:

—Dá ndéarfainn go raibh an galar áirithe seo orm agus dá ndéarfása gur thaispeáin sin go raibh galar eile orm, cén sórt galair é an dara galar sin?

—Is iomaí tinneas a mbímidne ag plé leis sa seomra seo, arsa an Dr Áthas go réidh. Éalú ón admháil, b'fhéidir, an ceann is mó orthu.

Bhí mé thar a bheith míshásta le cúrsaí faoin am seo—le freagraí abartha an dochtúra agus liom féin nach bhféadfadh breith ar aon cheann acu i gceart. Ní cosúil go raibh aon imeacht ón bhfáinne loighice a bhí á fhí ag an draoi síce seo.

—Ciallaíonn an méid atá tú a rá, a deirimse tar éis sos leath nóiméid nó mar sin—bhí an comhrá, nó an anailís ba chirte dom a rá, lán sosanna agus ciúnais—nach bhfuil aon duine againn slán.

Níor fhreagair sé. Níor chorraigh sé fiú amháin. Shíl mé go mb'fhéidir go raibh sé tite ina chodladh. Ní raibh ná baol air.

—Anois, ar seisean chomh séimh is a d'iarrfá, tar éis sosa fhada, bí ag caint liom fút féin. Feictear duit nach bhfuil tú tinn?

Lig sé é féin siar arís ina chathaoir, nó má bhí sé suite siar, dhírigh sé é féin aniar arís, nó chuala mé an chathaoir ag corraí. Uasal le híseal a bhí sé liom, anois ar aon chuma, agus toisc nach raibh aon radharc agam air, níor réitigh sé sin liom olc maith nó dona. Bhí mé i bponc, mar sin féin,

faoi cad déarfainn leis; cé acu an ndéarfainn rud ar bith leis nó an n-inseoinn bréag.

—Níl a fhios agam céard tá tú ag iarraidh orm a rá, arsa mise lán réasúin, agus d'fhág mé mar sin é.

—Anois, ar seisean, ní dhéanfaidh sé sin cúis. An bhfuil aon chuimhne agat ón uair a bhí tú i do leanbh? Ar do mháthair, abair? An raibh caidreamh sásúil agat le d'athair? Abair rud éigin. Abair an chéad rud a thagann isteach i do cheann. Agus lig le do chuid smaointe—sin é an t-aon riail sa seomra seo—lig le do smaointe.

Bhí cuimhní agam, is dócha, ón uair a bhí mé i mo pháiste. D'fhág siad a rian orm, táim cinnte. Uair amháin, b'fhéidir, cá bhfios, chonaic mé mo mháthair nocht nuair a bhí mé trí bliana d'aois. Ar cheart dom é sin a rá leis? Cad chuige nach ndéarfainn? Ní dúirt.

Is ar an mbealach míshásúil sin a thosaigh an chéad seisiún ag druidim chun deiridh.

—Ha, arsa an Dr Áthas, tar éis tamall fada ciúnais, bíonn an iomarca brú fritorthúil go minic. Ní dóigh liom gur gá dúinn dul níos faide leis an scéal sa seisiún seo. Ní bhíonn sa chéad seisiún go hiondúil ach mar a bheadh réamhrá beag ann—brollach mar a déarfá. Níor cheart féachaint le hÉadapas a mhúscailt sa chéad uair an chloig, ha? An féidir liom glacadh leis go mbeidh tú ar ais an tseachtain seo chugainn?

Rinne mé socrú leis, tar éis dom teacht den tolg, go dtiocfainn ar ais an t-am céanna an tseachtain dar gcionn, mar gur mhaith liom, mar a dúirt mé, a fháil amach cén treo a léimfeadh an giorria. Ní raibh sé sásta, bhraith mé, leis an leagan amach neafaiseach sin ach níor lig sé tada air. Ní dúirt sé ach go raibh súil aige go n-éireodh leis an giorria a dhúiseacht an chéad bhabhta eile.

Bhí sin abartha go leor, freisin, a shíl mé, agus rinne mé gáire agus mé ag croitheadh láimhe leis i gcomhartha slán a



fhágáil aige go dtí an chéad seisiún eile, sular imigh mé amach.

(Mo dhearmad, ach thug Molly, is é sin rúnaí an Dr Áthas, mar a fuair mé amach ina dhiaidh sin, bileog bheag chlóbhuailte dom agus mé ag dul thar a deasc sa halla lasmuigh. Dar léi nár mhiste leis an Dochtúir dá gcaithfinn súil ar an mbileog dá bhfaighfinn seans ar chor ar bith am éigin roimh an gcéad seisiún eile. Cheap mé gur dheas uathu an méid sin. Chuir mé an bhileog fhille i bpóca cúil mo bhríste.)